

Gás don Eoraip: Trí Ollphíobán le Tógáil

Céard atá i gceist le *Nabucco*, *Nord Stream* agus *South Stream*, agus cé as a bhfuil an gás le teacht?

Diarmuid Johnson

Tá borradh mór faoi chúrsaí gáis in oirthear na hEorpa i mbliana. Reachtáladh cruinniú mullaigh idir cinnirí stáit na gCácas agus na dtíortha Baltacha maraon leis an Úcráin agus an Pholainn mí Eanáir, agus bhí cruinniú mór eile i mBúdaipeist maidir le togra Nabucco ó shin. Tháinig toscairí ann ó na stáit atá á lua leis an togra sin – An Ghearmáin, an Ostair, An Bhulgáir, An Ungáir, An Rómáin agus an Tuirc – le labhairt le polaiteoirí sinseartha ó thíortha soláthair an gháis, an Chasacstáin agus an Úisbéiceastáin, cuir i gcás.

Togra iompar gáis ó Mhuir Chaisp go dtí tíortha na hEorpa atá i Nabucco. Is éard atá i gceist leis ná gás don Eoraip nach de chuid na Rúise é. Ní rachaidh an píobán trí chríocha na Rúise, ach ón Asarbaiseáin tríd an Tuirc aníos go dtí an Ostair. Píobán 3,300 ciliméadar ar fhaid atá le bheith ann. 31 milliún méadar ciúbach gáis in aghaidh na bliana atá sé le hiompar. Is dóigh go gcosnóidh Nabucco 8 mbilliún Euro. Mí Eanáir seo caite cheadaigh an Bhruiséil ciste 3.5 billiún Euro i gcomhair tograí fuinnimh. Is é Nabucco an togra is flaithiúla a bhfuiltear ag tacú leis. 250 milliún Euro an infheistíocht atá an tAontas a dhéanamh ann.

Tá imeachtaí móra eile ar faoi lán tseoil chomh maith. Baineann cuid mhór díobh le Gazprom (An Rúis). Mí Feabhra bhí cruinniú i mBúcairist na Rómáine idir Leas-Chathaoirleach Gazprom Alexander Medvedev, agus Adriean Videanu, Aire na hEacnamaíochta sa tír sin. Tá an Rúis ag coinneáil gáis leis an Rómáin ó 1979. Tá conradh soláthair idir an dá thír go ceann scór bliain eile. Mí Aibreáin bhí cruinniú eile ann idir Coiste Bainistíochta Gazprom agus Paolo Scaroni, Príomh-Fheidhmeannach Eni, an comhlacht fuinnimh is tábhachtaí san Iodáil. Is é an comhoibriú idir an dá thír i réimse an gháis an t-ábhar cainte a bhí acu.

Is í an Iodáil an tríú tír is mó a cheannaíonn gás na Rúise san Eoraip. Is mian le Gazprom an margadh sin a chinntiú dóibh féin, maraon le margaí eile. Chuige sin tá píobán ollmhór á bheartú acu. South Stream is ainm don pháibán sin. Tá comhaontú ann feasta maidir le South Stream idir Gazprom agus rialtais na dtíortha seo a leanas: an Bhulgáir, an tSeirbia, an Ungáir, an Ghréig agus an tSlóivéin. Faoin Muir Dhubh anoir a leagfar an chéad chuid den pháibán.

Tá an tríú pháibán ollmhór á thógáil cheana féin sa Muir Bhaltach. Thosaigh an obair thógála ar Nord Stream i mí Aibreáin na bliana seo. Míle míle ar fhaid a bheas sé, agus tarraingeoidh sé 55 billiún méadar ciúbach gáis in aghaidh na bliana ón Rúis chuig an nGearmáin. Sin soláthar i gcomhair 26 milliún teaghlach.

Is ceangal díreach idir an Rúis agus an tAontas Eorpach atá i Nord Stream. Dá réir sin, is réiteach é ar leithéid na géarchéime a tharla i ngeimhreadh na bliana 2009 nuair a dhún an Rúis na píobáin gáis ar an Úcráin. Rinne siad sin de bharr moill íocaíochta. Fágadh tíortha eile thiar ar bheagán gáis de bharr an aighnis, rud a chuir sceon ar rialtais na hEorpa. Ainneoin Nord Stream, tá imní ann fós faoin ró-spleáchas ar Gazprom. Míníonn sin tacaíocht an Aontais do pháibán Nabucco. Is dóigh freisin go bhfuil baint ag ballraíocht na Rómáine agus na Bulgáire san Aontas Eorpach le cúrsaí iompair gáis. Cúis iontais a bhí i gceadú an dá bhall sin i 2007 mar ní raibh bonn daingean faoina gcuid eacnamaíochta.

Is idir Gazprom na Rúise agus comhghuaillíocht neamhspleách a bheas cogadh an gháis as seo ceann tamall de bhlianta más ea. Tá an dá thaobh ar an scéal. Ar an 27 Bealtaine, d'fhógair Uachtarán na Bealarúise Alexandre Loukachenko go bhfuil sé sásta gréasán gáis na tíre a fhágáil faoi smacht na Rúise ach gás na Rúise a fháil ó Gazprom ar phraghas an mhargaidh baile. Ag labhairt dó i mBakou ar an 1 Meitheamh, is éard a dúirt Uachtarán na hAsarbaiseáine Ilham Aliev: 'Tá oiread ola agus gáis againn 's nach féidir linn í ar fad a easpórtáil. Dá bhrí sin ní mór dúinn margaí nua a aimsiú agus cur leis an sciar de na margaí atá againn cheana.'

I rith na míosa, foilsíodh scéal mór eile ann a bhain stangadh as daoine go leor. Is dóigh leis na saineolaithe anois go bhfuil foinsí móra gáis sa bPolainn. Ní gás nádúrtha 'fliuch' atá anseo áfach (LNG), ach gás 'cloichíní' nó gás 'sceallaí' . An próiséas atá ann leis an ngás seo a shú ón leic, níl sé máistrithe go fóill ach ag na Meiriceánaigh. Ní bheidh scéal cinnte ann go ceann 5 bliana faoin saibhreas nua seo. Ach le dhá bhlian anuas, tá cead taighde sa bPolainn faighte ag Exxon Mobil, Chevron, ConocoPhillips, agus Lane Energy. Beidh Gazprom ag faire orthu.